# Abair.ie

Eochairfhocail: tionscadal, taifeadtaí, léitheoirí óga, cúramóir

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad atá á lorg ag na daoine a oibríonn le Abair.ie i gColáiste na Tríonóide?
2. Cén tionscadal atá ar siúl ag Abair.ie faoi láthair?
3. Cén saghas páistí go díreach atá ag teastáil uathu?
4. Cad a mholann Abair.ie go láidir do na páistí a bheidh i mbun na dtaifeadtaí seo?
5. Cad atá foireann Abair.ie ag iarraidh ar léitheoirí óga a dhéanamh?



**Anois, tar éis duit breathnú ar an mír sin an féidir leat na habairtí seo a chur in ord agus in eagar?**

1. ar siúl, tionscadal, lucht Abair.ie, Tá, faoi láthair, daoine, le cabhrú le, atá faoi mhíchumas, ag
2. guthanna, ag teastáil, Tá, daoine óga, tionscadal, don, seo.
3. na taifeadtaí, a dhéanamh, ghléasanna, ar, in, ar bith, áit, Is féidir.
4. múinteoir, Ba chóir, cúramóir, go mbeadh, nó tuismitheoir, leis an, in éineacht, bpáiste, ar siúl, an taifeadadh, agus.
5. go mór, an tionscadal, Cabhróidh, páistí, atá, le, seo, faoi mhíchumas.



# Na Freagraí

1. Guthanna daoine óga idir 6 agus 16 bliana d'aois
2. Tionscadal chun teicneolaíocht cumarsaide a fhorbairt do pháistí faoi mhíchumas
3. Páistí ón nGaeltacht agus páistí taobh amuigh den Ghaeltacht atá in ann an Ghaeilge a léamh agus a labhairt
4. Tuismitheoir nó cúramóir nó múinteoir a bheith i láthair chun cabhrú leis na páistí nuair is gá
5. Idir 15 nóiméad agus 30 nóiméad in aghaidh an lae a chaitheamh ag léamh na scéalta, más féidir

- Tá tionscadal ar siúl ag lucht Abair.ie faoi láthair le cabhrú le daoine atá faoi mhíchumas.
- Tá guthanna daoine óga ag teastáil don tionscadal seo.
- Is féidir na taifeadtaí a dhéanamh ar ghléasanna in áit ar bith.
- Ba chóir go mbeadh cúramóir, múinteoir nó tuismitheoir in éineacht leis an bpáiste agus an taifeadadh ar siúl.
- Cabhróidh an tioscadal seo go mór le páistí atá faoi mhíchumas.